An Roinn Oideachais
Department of Education

**Ciorclán 0035/2023**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta, Príomhoidí agus Foirne Teagaisc in Iar-Bhunscoileanna**

# Soláthar Múinteoirí Iar-Bhunscoile: Scéim Leathnaithe Uaireanta Teagaisc do 2023/2024

## 1. Réamhrá

1.1 Is é cuspóir na scéime seo, mar atá leagtha amach thíos, ná bealach eile a sholáthar do bhainistíocht Iar-bhunscoile chun clúdach múinteoireachta ionadaíochta atá cáilithe go cuí a aimsiú d'fhonn tacú le teagasc agus foghlaim i scoileanna.

1.2 Tá sé i gceist go gcinnteoidh an scéim dheonach seo leanúnachas teagaisc agus dá bhrí sin caithfidh scoileanna a chinntiú go bhfuil na cáilíochtaí riachtanacha don réimse ábhair a bhfuil an ionadaíocht ag teastáil ag múinteoirí a fhostaítear faoin scéim seo.

1.3 Ní féidir na huaireanta ionadaíochta breise seo a úsáid ach amháin nuair a chomhlíonann múinteoir, a íoctar as 22 uair an chloig in aghaidh na seachtaine, na hoibleagáidí conarthacha atá ann cheana féin.

1.4 Cuirfear íocaíocht bhreise ar fáil maidir leis an gclúdach ionadaíochta seo, mar a shonraítear thíos.

1.5 Is féidir le múinteoir suas le 35 uair an chloig breise in aghaidh an téarma a sholáthar (mar atá leagtha amach in alt 4.6) le húsáid i rith na scoilbhliana 2023/2024, agus cuirfear deireadh leis an scéim ag an bpointe sin.

1.6 Is do na huaireanta teagaisc sin amháin atá faofa agus a sholáthraítear faoin scéim seo a dhéanfar an íocaíocht bhreise. Beidh aon uaireanta teagaisc dá leithéid sa bhreis air agus ní chuirfidh siad as do dhualgais chonarthacha reatha an mhúinteora ó thaobh a dtiomantas reatha do scoil(eanna), lena n-áirítear na socruithe róta Maoirseachta agus Ionadaíochta mar atá aontaithe agus ar an sceideal scoilbhliana cheana féin.

## 2. Incháilitheacht

2.1 Tá an scéim oscailte do gach múinteoir Iar-bhunscoile atá fostaithe i scoil/BOO. Áirítear leis seo múinteoirí lánaimseartha, múinteoirí atá ag roinnt poist, múinteoirí páirtaimseartha, múinteoirí a oibríonn mar ionadaí nó go hócáideach agus go páirtaimseartha agus múinteoirí atá ar shos gairme.

2.2 Níl cead na huaireanta teagaisc ionadaíochta breise atá ar fáil faoin scéim dheonach seo a úsáid ach amháin nuair a chomhlíonann múinteoir, a íocfar as 22 uair an chloig in aghaidh na seachtaine, na hoibleagáidí conarthacha atá ann cheana féin.

2.3 Do mhúinteoir ar bith a íoctar as níos lú ná 22 uair an chloig in aghaidh na seachtaine agus a ghlacann le hionadaíocht, ba chóir dóibh leanúint ar aghaidh ag éileamh na n-uaireanta ionadaíochta sin ar an ngnáthbhealach tríd an CÉAL agus/nó ón bpárolla BOO ábhartha. Níor cheart ach uaireanta sa bhreis ar an 22 uair an chloig in aghaidh na seachtaine a éileamh faoin scéim seo.

2.4 Ní mór na cáilíochtaí riachtanacha a bheith ag múinteoirí a fhostaítear faoin scéim seo don réimse ábhair a bhfuil an ionadaíocht beartaithe.

## 3. Seicheamh do leithdháileadh na hionadaíochta

3.1 Ba chóir an t-ord seichimh ginearálta seo a bheith ann maidir le múinteoirí ionaid a aimsiú:

- ionadaithe íoctha (más infheidhme agus má tá fáil orthu) faoin scéim atá ann cheana féin
- uainchlár Maoirseachta & Ionadaíochta a úsáid (nuair is cuí)
- Scéim Leathnaithe Uaireanta Teagaisc Iar-bhunscoile a úsáid mar atá leagtha amach sa chiorclán seo.

## 4. Socruithe Íocaíochta

4.1 Tá an íocaíocht bunaithe ar an Ráta Pearsanta Pá (lena n-áirítear liúntais más infheidhme). Is íocaíocht neamh-inphinsin é seo. Níl aon teidlíocht na huaireanta seo a áireamh in aon ríomh do chéimniú incriminteach, stair seirbhíse, Conradh Tréimhse Éiginnte ná seirbhís ináirithe chun críocha pinsin.

4.2 Má bhíonn múinteoir ag obair i níos mó ná scoil amháin, tá siad fós faoi réir uasteorann iomlán de 35 uair an chloig sa téarma, i.e. beidh uasteorainn i bhfeidhm beag beann ar líon na scoileanna ina bhfuil an múinteoir ag obair.

4.3 Féadfaidh múinteoirí, áfach, obair ar feadh níos lú ná uasteorann na n-uaireanta de 35 uair in aghaidh an téarma.

4.4 Ba chóir do mhúinteoirí ar mian leo dul i ngleic leis an obair seo a chur in iúl do Phríomhoide na Scoile go bhfuil siad ar fáil le bheith rannpháirteach. Déanfaidh scoileanna na huaireanta a bheidh in úsáid acu faoi na socruithe seo a leithdháileadh agus a thaifeadadh. I gcás scoileanna neamh-BOO, is féidir na huaireanta a oibríodh a thaifeadadh trí úsáid a bhaint as an teimpléad in Aguisín A. B'fhéidir gur mhaith le scoileanna BOO an teimpléad seo a úsáid nó a dtaifead féin ar rannpháirtíocht a choinneáil.

4.5 Ag deireadh gach téarma, ba chóir do scoil(eanna) éilimh a chur isteach chuig
a) Roinn AD a BOO má tá siad fostaithe ag scoil BOO nó
b) trí mheicníocht na nÉileamh Ar Líne (CÉAL) a bhíonn in úsáid ag Rannóg Párolla Iar-Bhunscoile na Roinne Oideachais, Baile Átha Luain. Beidh an CÉAL oscailte chun glacadh le héilimh tar éis dáta deiridh gach téarma.

4.6 Is iad seo a leanas na dátaí do gach téarma:
Téarma 1 – an 1ú Meán Fómhair 2023 go dtí an 30ú Deireadh Fómhair 2023.
Téarma 2 – an 6ú Samhain 2023 go dtí an 22ú Nollaig 2023
Téarma 3 – an 8ú Eanáir 2024 go dtí an 22ú Márta 2024
Téarma 4 – an 8ú Aibreán 2024 go dtí an 31ú Bealtaine 2024

4.7 Déanfar an íocaíocht thart ar 6 seachtaine tar éis an t-éileamh a fháil.

4.8 Ba chóir fiosruithe maidir leis an gCiorclán seo a chur ar ríomhphost chuig:
- Múinteoirí Iar-bhunscoile na Roinne Oideachais: PPPayroll@education.gov.ie
- Múinteoirí Iar-bhunscoile BOO: an Rannóg AD ábhartha.

Bain úsáid as an teideal ábhair: "Scéim Leathnaithe Uaireanta Teagaisc Iar-Bhunscoile" sa ríomhphost le do thoil.

| | | |
|---|---|---|
| Sinéad Keenaghan | Micheál Lenihan | James Walsh |
| Príomhoifigeach | Príomhoifigeach | Príomhoifigeach |
| Rannóg Párolla | Párolla BOO | Téarmaí agus Coinníollacha Múinteoirí/CRSanna |

4th Lúnasa, 2023

An Roinn Oideachais
Department of Education

**Aguisín A – Ciorclán 0035/2023**

## Taifead d'Uaireanta a d'Oibrigh Múinteoirí os cionn 22 uair an chloig in aghaidh na seachtaine

| Ainm na Scoile | Uimh. Rolla na Scoile | Téarma 1, 2,3 nó 4 (comhlánaigh de réir mar is cuí) |
|---|---|---|
| | | |

| An tSeachtain dar Tús* | |
|---|---|

| Ainm an Mhúinteora atá i mbun na scéime leathnaithe uaireanta teagaisc | Uimhir Phárolla | Líon uaireanta breise a oibríodh os cionn móriomlán 22 uair an chloig | Dáta(í) ar oibríodh uaireanta breise ionadaíochta | Ainm an Mhúinteora as Láthair |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | **Líon iomlán uaireanta an chloig:** | | |

***** Ba chóir do scoileanna an teimpléad thuas a úsáid chun líon uaireanta an chloig breise a chlárú do gach múinteoir do gach seachtain lena mbaineann an scéim seo. Caithfear an taifead seo a choinneáil sa scoil.

**Dearbhú:**
Múinteoir:
Dearbhaím go ndearna mé ___ uair an chloig de réir théarmaí na scéime - Ciorclán 0035/2023

Síniú: ____________________________________________

Príomhoide na Scoile/Cathaoirleach Bhord Bainistíochta na Scoile:
Deimhním gur cuntas cruinn agus fíor iad na huaireanta a chuir an scoil seo isteach thar ceann an mhúinteora atá liostaithe thuas maidir leis na huaireanta a oibríodh de réir théarmaí na scéime. – Ciorclán 0035/2023

Síniú: ____________________________